

## **An bhfuil Eitinn ort? Léigh an méid seo!**

### **An bhfuil Eitinn tógálach?**

Ní féidir le gach duine a bhfuil Eitinn air é a scaipeadh.  
Tá Eitinn sna scamhóga tógálach.

Is féidir le casacht é a scaipeadh ar dhaoine eile.  
Ní bhíonn formhór na ndaoine tógálach tar éis cógas a thógáil ar feadh coicíse – sé sin má thógann siad an cógas go rialta.

### **An mbeidh an Eitinn tolgtha ag na daoine sa chillín liom de bharr é a bheith ormsa?**

Braitheann sé cén fhaid a chaith tú leo agus má tá tú tógálach.

### **An féidir linn mugaí, leithris agus a leithéid a roinnt?**

Is féidir. Ní tholgtar Eitinn ó nithe mar sin a roinntear.

### **An féidir mé a leigheas?**

Is féidir. Tá an Eitinn so-leigheasta ach caithfear an cógas a thógáil go rialta, ar feadh 6 mhí ar an laghad.

Ní gá d'fhorhóir na ndaoine dul chuig an ospidéal ach d'fhéadfaí tú a chur i gcillín leat féin ar feadh coicíse chun cosc a chur le scaipeadh an ionfhabhtuithe.

### **Cé a thugann na táibléid dom?**

Tabharfaidh an fhoireann sláinte na táibléid duit agus breathnóidh siad ort á dtógáil.  
Tá sé AN-TÁBHACHTACH go dtógfaidh tú na táibléid AR FAD i gceart!

### **Cé a thabharfaidh aire dom má fhágaim an phríosún seo?**

Má théann tú chuig príosún eile, eagróidh foireann sláinte an phríosúin do chúram.

Má scaoiltear amach as an bpríosún tú, beidh oibrí Eitinne lonnaithe i d'ospidéal áitiúil a thabharfaidh tacaíocht duit i rith do chóireáil leighis.

Curtha in oiriúint ag HPSC-HSE le caoinchead, ó h-ábhár UK HPA.